

Post	Oifigeach Sonraí Chlár Ilbhliantúil an AE (AOF)
Conradh	Conradh Sainchuspóra Sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (CEMID)
Grúpa Seirbhíse	An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha
Áit	D'fhéadfadh an duine a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM (BORD IASCAIGH MHARA), Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, in Oifig na gCealla Beaga nó i Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. (Le ceanglas le freastal ar an gCeannoifig de réir mar is gá)

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é Bord lascaigh Mhara (BIM).

Tá cúig aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Forbartha Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn Cumarsáid Chorparáideach leo sin. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, agus oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga san áireamh. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a threorú agus a chothú
- Torthaí a bhaint amach le réitigh a chuireann athrú i bhfeidhm
- Infheistíocht a dhéanamh le haghaidh fás fadtéarmach
- Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint

Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Ár bhFís

Rachaimid i gcomhar le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach bealach is féidir, le hintinn agus le práinn, chun na hathruithe is gá a aithint agus a bhrú chun cinn chun a chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an méid atá thuas, lean an nasc: <https://bim.ie/publications/corporate-strategy/>

Cur síos ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha

Tá an tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ESSU) freagrach as sonraí eacnamaíochta ar bhia mara ar fud an domhain a bhailiú, agus measúnú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn treoir luachmhar thráchtála a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann de réir mar a thugann sé aghaidh ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag athrú. Tacaíonn an ESSU le BIM chun straitéisí a chruthú d'fhorbairt tionscail bunaithe ar anailís daingean a dhéanamh ar shonraí, eolas agus treochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna a aithint, mar aon le bheith ag cur le cumas BIM i ndáil le húsáid sonraí chun léargas a chur ar fáil a dhéanann eolas do chinnteoireacht ag leibhéal eagraíochta.

Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad tacaíocht theicniúil agus léargas ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), do thionscal bia mara na hÉireann, d'Fhoras na Mara agus don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) ar réimsí beartais iascaigh.

Achoimre ar an Ról:

Beidh Oifigeach Sonraí Clár Ilbhliantúil an AE freagrach as tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí bainistithe sonraí oibríochtaí BIM agus do shonraí ábhartha bia mara agus iad sin a fhorbairt maidir le comhordú agus bailiú sonraí eacnamaíochta na hÉireann chun freastal ar oibleagáidí na hÉireann faoi Chreat an AE maidir le Bailiú Sonraí (DCF) ar a dtugtar Clár Ilbhliantúil an AE air freisin. Beidh an duine freagrach as beartais agus cleachtas bainistithe sonraí a chomhordú, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do phróisis sonraí le haghaidh seirbhísí oibríochta, an NSS (an Suirbhé Náisiúnta ar Bhia Mara), Clár Ilbhliantúil an AE, glaonna ar shonraí agus bunachair sonraí ghaolmhara ina measc. Tacófar sa ról seo le seirbhísí sonraí ar líne a chur ar fáil e.g., Catalóg sonraí agus tacaíocht a thabhairt don suirbhé ar líne agus cothabháil a dhéanamh ar bhunachair sonraí Azure SQL.

Cúlra leis an Riachtanas:

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe. Mar chuid de chúram an ESSU, tá sé freagrach as forálacha Rialachán (CE (an Coimisiún Eorpach)) 2017/1004 agus Chinneadh (AE) 2019/910 ón gComhairle a chur ar fáil chun sonraí socheacnamaíochta bia mara a bhailiú, a chur i dtoll a chéile agus tuairisc a thabhairt orthu.

Tá freagracht ar BIM meastóireacht agus comhairle eacnamaíochta maidir le tionscal bia mara na hÉireann a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara (DAFM) agus don Choimisiún Eorpach i ndáil leis an gCreat Bailithe Sonraí, agus do thionscal bia mara na hÉireann go díreach chomh maith. Éilítear ar BIM cláir bailithe sonraí a leagan amach, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm gach bliain agus anailís a dhéanamh ar na tacair sonraí a thagann astu ina dhiaidh sin chun na riachtanais atá ag Éirinn faoi láthair agus na riachtanais a bheidh aici amach anseo faoi Chreat Bailithe Sonraí an AE a shásamh. Mar chuid de seo, éilítear ar BIM chomh maith ionchur eacnamaíochta a bheith aige i roinnt meithleacha saineolaithe de chuid an AE.

Reachtálfar Clár Ilbhliantúil an AE maidir leis an gCreat Bailithe Sonraí (DCF (Creat Bailithe Sonraí) - EUMAP(Clár Ilbhliantúil an AE)) thar an tréimhse 2021 go dtí 2027 agus cuirfear sonraí eolaíochta ar fáil leis atá ag teastáil chun tacú leis an gComhbheartas Iascaigh (CFP). Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin EMFAF (an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú le cur i bhfeidhm an DCF-EUMAP nua. Tá bailiú sonraí bia mara, bainistiú sonraí, measúnú, agus tuairiscí a chur ar fáil mar chuid thábhachtach de DCF-EUMAP.

Chun na ról sin a chomhlíonadh, tá oifigeach bunachair sonraí ag teastáil ó BIM chun cuidiú le DCF a chur

ar fáil trí thacair sonraí an ESSU, tairseach suirbhé sonraí ar líne, seirbheálaí SQL agus ceisteanna bunachair sonraí a bhainistiú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Príomhthascanna:

- Ceannaireacht a thabhairt maidir le bainistiú sonraí agus na gníomhaíochtaí sonraí-dírithé a threorú leis an eagraíocht agus leis an ESSU.
- Cleachtas bainistithe sonraí a fhorbairt agus tacú le seirbhís bainistithe sonraí a chur ar fáil laistigh de BIM agus go seachtrach le heagraíochtaí comhpháirtíochta. Áireofar orthu sin maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a stóráiltear sonraí, ar idir-inoibritheacht agus caighdeán sonraí, ar bhainistiú cáilíochta agus ar rochtain sonraí lárnacha agus ar sheirbhísí anailíse.
- A chinntiú go bhfuil na sonraí uile a bailíodh trí obair an ESSU stóráilte agus bainistithe i gcomhréir le Beartas Bainistithe Sonraí BIM.
- Foinsí sonraí atá ann a thabhairt chun cinn, a fheidhmiú agus tacú leo. Comhoibriú a dhéanamh leis na foirne seachadta, mar bhall de na foirne sin go hidéalach, lena chinntiú go bhforbrófar foinsí sonraí agus go dtabharfar iad chun cinn ar bhealach den scoth.
- Comhoibriú a dhéanamh laistigh de BIM lena chinntiú go ndéanfar cothabháil ar cháilíocht sonraí agus go bhfeabhsófar í ar fud foinsí sonraí éagsúla agus ceannaireacht a thabhairt maidir le haon treoir sonraí-dírithé a fhorbairt.
- Sainmhíniú a thabhairt mar is féidir sonraí a bhailigh BIM a úsáid chun léargas tábhachta maidir le tionscal, leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara inmheánacha a ghiniúint. An tseirbhís giniúna léargais agus sonraí a fhorbairt ina hiomláine le Príomhtháscairí Feidhmíochta gaolmhara agus cuidiú leis an tseirbhís a bhainistiú chun na Príomhtháscairí Feidhmíochta sin a bhaint amach.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i mbeartas faisnéise agus sonraí e.g., Rialachas Sonraí, Deacáid Dhigiteach an AE, Leas a bhaint as Cúrsaí Digiteacha agus Rialtas Ceangailte 2030, etc, agus tacaíocht a thabhairt ar bhonn gníomhach do shonraí náisiúnta agus do thionscnaimh dhigiteacha a bhaineann le forbairt iascaigh inbhuanaithe.

Eile:

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Líne: Bainisteoir Rannóg ESSU

Stiúrthóir: Stiúrthóir ESSU

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

Stiúrthóir ESSU, Bainisteoir na Rannóige, BIM ESSU agus an fhoireann TF

Lasmuigh de BIM

Foras na Mara, an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara, an earnáil gabhála, an tAirmheán Comhphárteach Taighde, Grúpa Pleanála DCF ar Chúrsaí Eacnamaíochta (RCGEcon) agus Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach de chuid Choimisiún an AE (STECF (Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach)).

Oiliúint

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Cáilfocthaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Céim san eolaíocht ríomhaireachta, anailísíocht sonraí nó i ndisciplín ábhartha eolaíochta nó uimhriúil.
- Taithí 3 bliana ar a laghad ar thionscadal a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as réitigh bainistithe bunachair sonraí fiontraíochta e.g., Freastalaí SQL MS (Ballstát) nó eile.
- Taithí ar anailísíocht sonraí amhail léirshamhlú, tuairisciú nó deaiseanna sonraí a fhorbairt
- Taithí ar bheith ag obair le próiseas sainithe Sonraí nó Bogearraí.
- Roinnt taithí ar bheith ag obair le próiseas bainistithe tionscadal foirmeálta.
- Scileanna comhoibríthe lena n-áirítear obair foirne, ag obair le foirne tionscadail dáilte agus forbairt líonra gairmiúil agus cruthúnas air sin.
- Roinnt taithí ar na nithe seo a leanas - Tacaíocht do chustaiméirí agus bainistiú fadhbanna, Anailís Ghnó agus bailiú riachtanas.
- Ábalta oibriú gan mhaoirsiú agus ábalta a léiriú go bhfuiltear in ann é sin a dhéanamh ar do chonláin féin.
- Ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ar gach leibhéal sa scríobh agus ó bhéal.

Inmhianaithe:

- Eolas ar an tionscal Bia Mara agus taithí eolais roimhe seo ar bheith ag obair le sonraí agus bunachair shonraí Bia Mara.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Dinimiceas agus iontaofacht
- Taithí ar bheith ag obair i gcomhar le húsáideoirí sonraí, eolaithe, foirne teicniúla.
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus an cumas tosaíochtaí iomadúla a láimhseáil.
- Taithí ar thabhairt chun críche na hoibre le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach agus cruthúnas air sin.
- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus cumas a bheith ag obair go cáiríseach le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a réiteach.

Tuarastal:

Ag grád AOF a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €54,764 - €68,970 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí deireadh an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 15 Eanáir 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

